Scrúdú Iontrála – Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne)

Maireann an scrúdú féin uair go leith. Teastaíonn uainn a fháil amach cén caighdeán Gaeilge scríofa atá ag an iarrthóir. Ceithre cheist ar fad:

Ceist a hAon - sliocht a léamh agus do thuairimí a nochtadh faoi; thart ar 400 focal (40 marc)

Ceist a Dó - 10 n-abairt i mBéarla, caithfidh an t-iarrthóir an t-aistriúchán is fearr ó thaobh cruinneas gramadaí a roghnú; ceist ilroghnach (20 marc)

Ceist a Trí - meascán de phointí gramadaí éagsúla (20 marc)

Ceist a Ceathair - téacs le 10 mbearna ann, is gá don iarrthóir an leagan ceart den fhocal a roghnú chun an bhearna a líonadh; ceist ilroghnach (20 marc)

Ní ceadmhach aon fhoclóirí, leabhair ghramadaí ná leabhair thagartha d'aon chineál a úsáid le linn an scrúdaithe.

Cuirfidh Ollscoil na hÉireann, Má Nuad páipéar scríbhneoireachta ar fáil.

Scrúdú gramadaí atá sa Scrúdú Iontrála. Beidh ceisteanna ann faoi ghnéithe de ghramadach agus de litriú na Gaeilge (m.sh. an chopail, an clásal coibhneasta, na díochlaontaí srl.)

Ní bheidh téacsanna ar bith le haistriú ná ní bheidh aon cheisteanna ann mar gheall ar an aistriúchán.

Cuirfear torthaí an scrúdaithe ar fáil laistigh de 15 lá oibre ó dháta an scrúdaithe.